NIPT

Seirbhís Tacaíochta is ea an Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí, trína gcuirtear tacaíocht agus oiliúint ar fáil do scoileanna a roghnaíonn bheith rannpháirteach i bpróiseas *Droichead* ar leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile araon.

Cén rud é *Droichead*?

Is creat comhtháite gairmiúil ionduchtaithe é *Droichead* atá bunaithe ar chur chuige scoile uile i leith tacú le foghlaim ghairmiúil múinteoirí nua-cháilithe (MNCanna).

Ar mhaith leat tuilleadh a fháil amach ?

Gheofar eolas ar Droichead ar shuíomh gréasáin an NIPT:

www.teacherinduction.ie/en/supports/droichead

ar shuíomh gréasáin na Comhairle ag:

www.teachingcouncil.ie/en/Teacher-Education/Droichead/

Seo a leanas Céim Fáis *Droichead* ag leibhéal na Bunscoile:

2016/17	B'é *Droichead* an t-aon bhealach ionduchtaithe do mhúinteoirí nua-cháilithe i suíomh Oideachais Speisialta
2017/18	Is é *Droichead* an t-aon bhealach ionduchtaithe do mhúinteoirí nua-cháilithe i suíomh Oideachais Speisialta nó i mbunscoileanna le 24 múinteoirí ranga nó níos mó
2018/19	Beidh *Droichead* mar an t-aon bhealach ionduchtaithe do mhúinteoirí nua-cháilithe i suíomh Oideachais Speisialta nó i mbunscoileanna le breis is 16 múinteoirí ranga nó níos mó
2019/20	Beidh *Droichead* mar an t-aon bhealach ionduchtaithe do mhúinteoirí nua-cháilithe i suíomh Oideachais Speisialta nó i mbunscoileanna le príomhoide riaracháin
2020/21	Beidh *Droichead* mar an t-aon bhealach ionduchtaithe do mhúinteoirí nua-cháilithe i ngach aon bhunscoil

Is faoi scoileanna aonair atá sé roghnú bheith páirteach i bpróiseas Droichead uair ar bith roimh na dátaí atá leagtha amach thuas

Chun clárú do *Droichead* agus chun cur isteach ar oiliúint d'Fhoireann Tacaíochta Ghairmiúil, logáil isteach ar shuíomh gréasáin an NIPT www.teacherinduction.ie agus cliceáil ar Cláraigh d'Oiliúint Fhoireann Tacaíochta Ghairmiúil ar an meirge ar an leathanach baile.